Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11389/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072(COD)**

**AVIATION 110**
**CONSOM 224**
**CODEC 1372**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó ina gcuirtear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer **(an tríú léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 13 Márta 2013, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 11 Iúil 2013[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 5 Feabhra 2014, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh[3] maidir leis an togra ón gCoimisiún.

5. An 29 Meán Fómhair 2025 ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh[4].

[1] 7615/13 + ADD 1-2.
[2] IO C 327, 12.11.2013, lch. 115.
[3] 5941/14.
[4] 10015/1/25 REV 1 + ADD 1.

6. An 21 Eanáir 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa 243 leasú[5] ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Tarchuireadh na leasuithe sin chuig an gComhairle an 9 Márta 2026.

7. An 12 Márta 2026, thíolaic an Coimisiún a thuairim[6] ar na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 294(7)(c) CFAE.

8. An 24 Márta 2026, chinn an Chomhairle gan na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas. Thionóil Uachtarán na Comhairle, i gcomhaontú le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa, cruinniú den Choiste Idir-réitigh i gcomhréir le hAirteagal 294(8)(b) CFAE.

9. Tháinig an Coiste Idir-réitigh le chéile an 20 Aibreán agus an 2 Meitheamh 2026. An 15 Meitheamh 2026, dhearbhaigh Comhchathaoirligh an Choiste Idir-réitigh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus d'Uachtarán na Comhairle gur fhormheas an Coiste téacs comhpháirteach.

10. An 7 Iúil 2026, glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an tríú léamh.

11. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfadh an Chomhairle an Rialachán i gcomhréir leis an téacs comhréiteach mar a leagtar amach in PE-CONS 39/1/26 REV 1 mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Spáinn agus an Laitvia ag vótáil ina choinne agus an Ostair agus an Fhionlainn ag staonadh ón vótáil, i gcomhréir le hAirteagal 294(13) CFAE.

12. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

13. Má ghlactar an gníomh reachtach, tar éis d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus d'Uachtarán na Comhairle é a shíniú, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[5] 7162/26.
[6] 7297/26.